

s le gasúr Rang 2, Scoil Einne , lena dtuismitheoirí a gcuid teaghlach, agus lena muinteoirí agus foireann na scoile.

An-áthas, lúchair agus bród ar gach duine a bhí páirteach ina réiteach.

**Aireacht Catechist agus Ord an Diaconachta Bhuan.**

Má airíonn tú go nglaofar ort Íosa a leanacht mar shagart deoiseach in aon cheann de na deoisí, gabh i dteagmháil leis an Athair Hugh Clifford, Ríomhphost: catechistsdeacons@clonfertgalway.ie Nó 091637154, roimh 31 Bealtaine 2026

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161 BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

# Céilí Mór



**Lá:** Dé Luain, 27 Aibreán.

**Am:** Ag tosú ag 8.30 i.n.

**Ionad:** Coláiste Chonnacht.

**Costas:** €10
€5 do scoláirí.
Sóláistí ar fáil!

**Ceol beo le Cogar**

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga



**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**
*i gCill Éinde, An Spidéal*
**Gach Satharn 10am—11am**
**Páidrín gach Domhnach @ 6.00i.n.**
***Fáilte roimh cách***

**AR DÍOL AR MHAITHE LE CÚRSAÍ CARTHANACHTA**


Adhmad stálaithe, gearrtha suas le haghaidh sorn

Cruach bheag móna

Ceantar an Spidéil

Féadfar glao nó téacs a chur chuid 085 8008205

(tráthnóna is fearr)



# Paróiste An Spidéil
## Domhnach na nGairmeacha
## 26 Aibreán 2026

An tAth. Daniel Gallagher www.cilleinde.ie
Oifig: 083 8126745 ***Ríomhphost:*** cilleinde@outlook.iUaireanta
Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 - 2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

### ✠ Cill Éinde, An Spidéal

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 26ú | 11.00r.n. | Ciaran Dolphin<br>Catríona Ní Oibicín<br>Muintir Uí Mhaidín | *Sidheán/BAC*<br>*Leitir Mucú/Doire Lochán Thoir*<br>*Seanaghurráin* |
| Dé Céadaoin | 29ú | 10.00r.n. | | |
| Déardaoin | 30ú | 10.00r.n. | | |
| Dé hAoine | 1ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* | |
| Dé Domhnaigh | 3ú | 11:00r.n. | Fr Mark Carr<br>Kathleen & John Joe Ó Droighneáin<br>Éamonn Breathnach, a bhean Máire, iníon Máirín & muintir ar fad.<br><br>Peig & Máire Breathnach & a mhuintir<br>Peigín Ní Fheinneadha (Margaret Maher)<br><br>Mairéad & Stiofán Ó Finneadha & muintir na beirte<br>Séamus Ó Cuille **15ú Cuimhneacháin** | *Seanaghurráin/Boston*<br>*Leitir Péic*<br><br>*Sidheán*<br>*Sidheán*<br><br>*Seanaghurráin/Baile Locha Riach*<br>*Páirc Láir*<br>*Cnocán Glas* |

### ✠ Cill Treasa, Ros a'Mhíl,

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Sathairn | 25ú | 86.30i.n. | Delia Larsen, (Mhicil Beag) Ní Chonghaile **Aifreann Cinn Míosa**<br><br>Paddy, Áine Ó hEidhin & muintir na beirte<br>Nan Báille, fear céile Tom, iníon Máire Treasa & a fhear céile Paddy, garmhac Aengus agus mac céile Coilín. | <br>*Na Doireadh*<br>*Leitir Caladh*<br><br>*Ros a'Mhíl* |
| Dé Sathairn | 2ú | 6:30i.n. | | |

### ✠ Cill Mhuire, Na Minna

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Dé Domhnaigh | 26ú | 9:30am | John Coyne | *Cartúr Leathan, Minna* |
| Dé Domhnaigh | 3ú | 9:30am | Tom & Sally Dillane | *Minna* |

**Loinneog don Iontróid** – **Sm 32:5-6**
Tá an talamh lán de bhuanghrá an Tiarna; daingníodh na flaithis le briathar an Tiarna. Alleluia.

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú;**
**tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire;**
**a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia uilechumhachtaigh shíoraí, treoraigh sinn go cuideachta an aoibhnis shíoraí. Go sroiche an tréad seo le barr umhlaíochta an sprioc a d’aimsigh an t-aoire lena sheasmhacht. Trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***Liotúirge an Bhriathair***

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as Gníomhartha na nAspal – 2:14, 36-41*
Lá Cincíse, ag éirí ina sheasamh do Pheadar i gcuideachta an aoin déag, d’ardaigh sé a ghuth, agus dúirt: ‘Bíodh a fhios ag teaghlach Isráél uile go cinnte go ndearna Dia Tiarna agus Críost den Íosa seo a chéas sibhse.’
Agus ar chloisteáil na nithe sin dóibh, ghabh dólás croí iad, agus dúirt siad le Peadar, agus leis na haspail eile: ‘Cad é tá le déanamh againn, a fheara, agus a bhráithre?’ Agus deir Peadar leo: ‘Déanaigí aithrí, agus baistear gach aon neach agaibh in ainm Íosa Críost chun maithiúnas bhur bpeacaí, agus gheobhaidh sibh tíolacadh an Spioraid Naoimh. Óir is daoibhse an gealltanas, agus do bhur gclann, agus do gach aon neach, dá bhfuil i gcéin, ar a ngairfidh ár dTiarna Dia.’ Le cuid mhór eile cainte fosta thug sé teagasc dóibh, agus chomhairligh sé iad, ag rá: ‘Sábhálaigí sibh féin ar an drochghlúin seo.’ Ar an ábhar sin, baisteadh iad sin a ghabh chucu a bhriathar; agus cuireadh leo an lá sin tuairim ar thrí mhíle anam.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 22
*Fr: Is é an Tiarna m’aoire;*
*ní bheidh aon ní de dhíth orm.*

1. Is é an Tiarna m’aoire;
ní bheidh aon ní de dhíth orm.
Cuireann sé i mo luí mé
i móinéar féaruaithne.
Seolann sé ar imeall an uisce mé,
mar a bhfaighim suaimhneas. *(Fr)*

2. Seolann sé mé ar rianta díreacha
mar gheall ar a ainm.
Fiú dá siúlfainn i ngleann an dorchadais,
níor bhaol liom an t--olc
agus tú faram le do shlat is do bhachall
chun sólás a thabhairt dom. *(Fr)*

3. Cóiríonn tú bord chun béile dom
i bhfianaise mo naimhde.
Ungann tú mo cheann le hola;
tá mo chupán ag cur thar maoil. *(Fr)*

4. Leanfaidh cineáltas is fabhar mé
gach uile lá de mo shaol.
I dteach an Tiarna a mhairfidh mé
go brách na breithe. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as céadlitir N. Peadar – 2:20-25*
A chlann ionúin, má dhéanann sibh freastal fónta agus go bhfulaingíonn sibh go foighneach dá chionn, is taitneamhach sin le Dia. Óir is chuige seo a gairmeadh sibh, mar gur fhulaing Críost féin ar bhur son, agus d’fhág eiseamláir agaibh le go leanfadh sibh a lorg. Ní dhearna seisean aon éagóir, ná níor airíodh aon chealg as a bhéal. Ní dhearna sé aisbhéadán nuair a rinneadh béadán air. Níor bhagair sé díoltas nuair a céasadh é, ach bhí muinín aige as an mbreitheamh cóir. D’iompair sé ár bpeacaí ina cholainn féin ar an gcrann, ionas ar scarúint leis an bpeaca dúinn go mairfimis de réir na fíreantachta. Ba thrína chréachtaí a cneasaíodh sibh. Mar bhí sibh amhail caoirigh ar strae, ach tá sibh anois tagtha ar ais chuig aoire agus chuig caomhnóir bhur n-anama.
*Briathar an Tiarna.* **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
‘Is mise an t-aoire maith,’ a deir an Tiarna.
‘Aithním mo chaoirigh féin, agus aithníonn mo chaoirigh féin mé.’
**Alleluia!**

**Soiscéal**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Eoin – 10:1-10*
Dúirt Íosa: ‘Amen, Amen, a deirim libh, an té nach dtéann an doras isteach i gcró na gcaorach, ach a théann a mhalairt de bhealach isteach, is bithiúnach é sin agus robálaí. An té a thagan an doras isteach, sin é aoire na gcaorach. Osclaíonn an doirseoir dó seo agus éisteann na caoirigh lena ghuth, agus glaonn sé ar a chaoirigh féin as a n-ainm, agus seolann amach iad. Nuair a bhíonn a chaoirigh uile seolta amach aige, téann sé rompu agus leanann a chaoirigh é, mar aithníonn siad a ghuth. Ní baol go leanfadh siad coimhthíoch, ach teithfidh siad uaidh mar nach n-aithníonn siad guth na gcoimhthíoch.’
Labhair Íosa an parabal sin leo, ach níor thuig siadsan cad a bhí á rá aige leo. Ansin dúirt Íosa leo arís:
‘Amen, Amen, a deirim libh,
mise doras na gcaorach.
Gach a dtáinig romham, bithiúnaigh ab ea iad agus robálaithe, agus níor éist na caoirigh leo.
Mise an doras.
Más tríomsa a rachaidh duine isteach, slánófar é.
Rachaidh sé isteach is rachaidh sé amach
agus gheobhaidh sé féarach.
Ní thagann an bithiúnach ach chun bheith
ag goid, ag marú agus ag milleadh.
Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu
agus go mbeadh sí acu go fial.’
*Soiscéal an Tiarna*. **Moladh duit, a Chríost.**

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh,**
**agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

***Liotúirge na hEocairiste***

**Os Cionn na nOfrálacha**
Deonaigh, achainímid ort, a Thiarna, go ndéanfaimid rúndiamhra seo na Cásca a chomóradh i gcónaí le bród; go dté an slánú i bhfeidhm go buan orainn, agus go dtuille sé an t-aoibhneas síoraí dúinn. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

*Rúndiamhair an chreidimh.*
**Táimid ag fógairt do bháis, a Thiarna, agus ag comóradh d'aiséirí, nó go dtaga tú.**

**Iarchomaoineach**
A Aoire mhaith, féach go lách ar do thréad. Na caoirigh a d’fhuascail tú le fuil shárluachmhar do Mhic, deonaigh iad a lonnú i bhféarach síoraí. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

***An Deasghnáth Deiridh***
Go raibh an Tiarna libh.
**Agus le do spiorad féin.**
Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh. **Amen.**
Imígí faoi shíochán ag glóiriú an Tiarna le bhur mbeatha, Alleluia, Alleluia. **Buíochas le Dia, Allelui**



**Oilithreacht na Deoise**
**go Lourdes**
**29 Meitheamh 2026**

Féach **Clár na bhFógraí.**
Óstán €995 pps.
Airithintí/Eolas: Joe Walsh Tours,
Fón:01-2410800
**Foirmeacha ar fáil Oifig an Pharóiste**